Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026
(OR. en)

6281/26

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0399(COD)**
**2025/0400(COD)**

**ENER 67**
**CLIMA 62**
**CONSOM 44**
**TRANS 71**
**AGRI 113**
**IND 113**
**ENV 121**
**COMPET 182**
**FORETS 20**
**RELEX 200**
**ECOFIN 192**
**CODEC 221**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Pacáiste um na hEangacha Eorpacha<br>- Díospóireacht bheartais |

I bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 16 Márta 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón uachtaránacht maidir leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha.

# DOICIMÉAD CÚLRA

## DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS MAIDIR LEIS AN bPACÁISTE UM NA hEANGACHA EORPACHA

Is é is aidhm do Rialachán GTE-F agus don Treoir Cheadaithe a mhol an Coimisiún mar chuid den Phacáiste um na hEangacha Eorpacha idirnascacht trasteorann a fheabhsú agus borradh a chur faoin leictriú mar cholún straitéiseach chun iomaíochas an Aontais, slándáil fuinnimh, agus an t-aistriú i dtreo geilleagar dícharbónaithe a threisiú.

Tá scrúdú críochnúil ar na tograí á chur chun cinn ag Uachtaránacht na Cipire leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún. Mar thoradh air sin, rinneadh dul chun cinn maidir le forálacha teicniúla agus soiléirithe sna téacsanna, mar a léirítear sa dá théacs athbhreithnithe a eisíodh go dtí seo. Tá gá le treoir pholaitiúil ón gComhairle chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le roinnt saincheisteanna eile.

1. <u>GTE-F: Pleanáil Eangach Comhtháite bunaithe ar chás coiteann</u>

Chun fíor-Aontas Fuinnimh a thabhairt chun críche, tá gá le cur chuige níos Eorpaí maidir le pleanáil forbartha gréasáin fuinnimh. Mhol an Coimisiún ‘cás lárnach’ a d’ullmhódh an Coimisiún bunaithe ar ionchur ó na Ballstáit agus ó oibreoirí córas tarchurtha le dlúth-rannpháirtíocht ACER agus Ghrúpaí Réigiúnacha GTE-F. Bheadh an cás lárnach ina bhonn coiteann chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais bonneagair fuinnimh trasteorann agus ar na tairbhí a bhaineann le tionscadail is iarrthóirí. Ina bhfreagairtí go dtí seo, leag na Ballstáit béim ar an ngá atá le cothromaíocht a áirithiú idir pleanáil ar leibhéal an Aontais agus roghanna beartais náisiúnta. Leag siad béim freisin ar an ngá atá le trédhearcacht agus cás lárnach á fhorbairt, chun sainiúlachtaí réigiúnacha a chur san áireamh.

***Ceist ar na hairí:***

**C1.** *Conas is féidir linn a áirithiú go bhfreastalóidh pleanáil bonneagair trasteorann amach anseo, bunaithe ar chás coiteann, ar riachtanais fíor-Aontais Fuinnimh, gan cur isteach ar ról údaráis na mBallstát i bhforbairt an bhonneagair náisiúnta fuinnimh?*

2. Na hEangacha a Mhaoiniú agus Comhroinnt Costas

Tá sé cruthaithe ag an ngéarchéim fuinnimh a bhí ann le déanaí agus ag ár n-aistriú luathaithe nach sócmhainní náisiúnta amháin iad ár n-eangacha leictreachais a thuilleadh, ach gur cnámh droma shlándáil soláthair chomhchoiteann na hEorpa iad. De réir mar a bhogaimid ó naisc áitiúla a phleanáil go fíor-Aontas Fuinnimh a thógáil, tá teorainneacha na modhanna traidisiúnta cistithe agus na cinnteoireachta á mbaint amach. Chun ár spriocanna aeráide le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach, tá gá le bonneagar trasteorann ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Faoi láthair, is minic a bhíonn costais na dtionscadal sin comhchruinnithe i roinnt Ballstát agus roinntear na tairbhí go réigiúnach nó fiú ar fud an Aontais.

***Ceist ar na hairí:***

**C2.** *Cá mhéad atá na Ballstáit sásta a gcreataí airgeadais agus pleanála a fhorbairt — lena n-áirítear úsáid ioncaim ó phlódú agus comhroinnt costas níos leithne — chun a áirithiú go ndáilfear ualach airgeadais na dtionscadal a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo ar bhealach níos cothroime?*

3. Ceadú agus Athchóirithe Riaracháin

Chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad i gcoitinne leis an sprioc dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail maidir le bonneagar fuinnimh, fuinneammh in-athnuaite agus stóráil. Mar sin féin, le cur chun feidhme praiticiúil an togra ón gCoimisiún, ardaíodh ceisteanna maidir le deimhneacht dhlíthiúil, ós rud é go bhfuil eagla ar na Ballstáit go bhféadfadh méadú teacht ar an riosca go mbeadh léirmhínithe náisiúnta ag teacht salach ar a chéile agus, dá bhrí sin, go mbeadh dúshláin ann sa chúirt dá leathnófaí rialacha ceadaithe thar ghníomhartha dlí iomadúla (RED III, EMD, GTE-F, Omnibus Comhshaoil). Ina theannta sin, tá roinnt Ballstát nach bhfuil tógtha leis an toirmeasc a mholtar críocha móra a shainaithint nach féidir tionscadail fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil iontu *a priori*, ós rud é go meastar gur croí-inniúlacht náisiúnta í pleanáil úsáide talún. D’áitigh roinnt Ballstát freisin nach mór cosaintí sainráite don tslándáil agus don chosaint náisiúnta a áireamh in aon toimhde maidir le ‘leas poiblí sáraitheach’ le haghaidh tionscadail fuinnimh.

***Ceist ar na hairí:***

**C3.** *Chun dlús a chur le ceadú, beidh gá le comhréiteach idir leasanna éagsúla, agus leasanna a thagann salach ar a chéile uaireanta. Cad é an pointe cothromaíochta, dar leat, idir nósanna imeachta cuíchóirithe um cheadú, cosaint an chomhshaoil agus urraim do phrionsabal na coimhdeachta?*